Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

Urlár 4, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Teach Oisín, Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2.
Guthán: 01 6732572; ríomhphost Mick_Baldwin@audgen.irlgov.ie

Ms. Bernadette Lacey,
Oifigeach Cuntasaíochta,
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh,
Áras Mhic Dhiarmada,
Baile Átha Cliath 1.

15 Nollaig 2009

Ciste Árachais Shóisialaigh 2008

A Iníon Lacey,

Tá cóip den chuntas ar Chiste Árachais Shóisialaigh 2008 curtha faoi iamh agam, in éineacht le cóip de Thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis.

Is mise le meas,

Síniú
Michael Baldwin,
Iniúchóir Sinsearach.

Ciste Árachais Shóisialaigh

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2008 ar leathanaigh 1 go dtí a 10 faoi Alt 9 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir an Achta, cuimsíonn siad na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí bainteacha.

Freagrachtaí na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Roinn freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Tá sé mar fhreagracht ormsa iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na riachtanas bainteach dlíthiúil agus rialaitheach agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (An RA agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais léirithe i gceart, de réir an Achta. Tuairiscím chomh maith cé acu an bhfuil nó nach bhfuil leabhair chearta chuntais i ndiaidh a bheith coinnithe, dar liom. Anuas air sin, dearbhaím cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím aon chás ábhartha nuair nár úsáideadh airgead le haghaidh na gcuspóirí beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis an húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscím chomh maith mura bhfuair mé an t-eolas agus na míniúcháin go léir atá riachtanach le haghaidh chuspóirí m'iniúchta.

Bunús na Tuairime Iniúchóireachta

Agus m'fheidhm mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste á cur i bhfeidhm agam, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (An RA agus Éire) a bhí eisithe ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta agus trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit, maidir lena mbainistiú agus a n-oibriú. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna, nochtadh agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sna ráitis airgeadais. In éineacht leis sin, cuimsíonn sé measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a tugadh i rith ullmhú na ráiteas airgeadais agus ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta iomchuí do chúinsí an Chiste, ar cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach agus ar nochtadh go himleor iad.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a chur i gcrích chun an t-eolas agus na míniúcháin go léir a fháil a mheas mé a bheith riachtanach chun go leor fianaise a sholáthar dom chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé mar gheall ar chalaois nó mar gheall ar mhírialtacht nó earráid eile. Le linn dom mo thuairim a mheá, rinne mé measúnú chomh maith ar leorgacht fhoriomlán thaispeáint an eolais sna ráitis airgeadais.

Béim ar ábhar

Gan mo thuairim a cháiliú, rud atá leagtha amach thíos, ba mhaith liom aird a dhíriú ar an gcaoi gur tugadh faoi deara nár aithin na próisis rialaithe earráidí áirithe i dtaifeadadh na n-idirbheart, i mbealach tráthúil. I gcás áirithe, chuir an Roinn nósanna imeachta foirceanta dheireadh na bliana i bhfeidhm go mícheart maidir le cur in airgead ag An Post. Mar thoradh air seo, bhí an caiteachas a bhí gearrtha ar an gCiste ganniontráilte ar dtús, ar luach thart ar €12.3 milliún.

Fuair mé dearbhú ón Roinn go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar a nósanna imeachta rialaithe agus gur cuireadh na meicníochtaí rialaithe feabhsaithe iomchuí i bhfeidhm.

Tuairim

Is é mo thuairim go léiríonn na ráitis airgeadais iarmhéid an Chiste i gceart ar 31 Nollaig 2008 agus idirbhearta na bliana sin a bhí críochnaithe.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Roinn leabhair chearta chuntais. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Síniú
John Buckley,
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
15 Nollaig 2009

CISTE ÁRACHAIS SHÓISIALAIGH

RÁITIS AIRGEADAIS

2008

CLÁR NA nÁBHAR

Leathanach

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais 1

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta 2

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí 3

Clár Comhardaithe 4

Nótaí ag gabháil leis na Cuntais (1 - 4) 5

Nótaí ag gabháil leis na Cuntais (5 - 6) 6

Nótaí ag gabháil leis na Cuntais (7- 8) 7

Nótaí ag gabháil leis na Cuntais (9 - 11) 8

Nótaí ag gabháil leis na Cuntais (12 - 14) 9

Nótaí ag gabháil leis na Cuntais (15 - 16) 10

Cuntas Infheistíochta an Chiste Árachais Shóisialaigh Aguisín

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as Córas de Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an Roinn córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais. Tá an fhreagracht seo á cleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon córas de rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go mbíonn sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go mbíonn earráidí nó neamhrialtachtaí bainteacha coiscthe nó go mbeidís braite i mbealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil an chórais de rialú inmheánach airgeadais agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Tá an seasamh maidir leis an timpeallacht de rialú airgeadais, an creat de nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach, mar seo a leanas:

Timpeallacht de Rialú Airgeadais
Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

* tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith ceaptha ar leibhéal na bainistíochta, le cuntasacht chomhfhreagrach san áireamh
* tá socruithe tuairiscithe tar éis a bheith bunaithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais tar éis a bheith ceaptha
* tá nósanna imeachta foirmiúla tar éis a bheith bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomhú ceartaithe iomchuí a chinntiú
* tá coiste iniúchóireachta ann le comhairle a chur orm maidir le cur i bhfeidhm mo fhreagrachtaí as an gcóras de rialú inmheánach airgeadais.

Rialú Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta
Deimhním go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus de thuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

* go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann ina bhfuil buiséad bliantúil, a bhíonn á choinneáil faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearach
* go ndéanann lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh na réamhaisnéise
* go bhfeidhmíonn córas de bhainistiú priacail laistigh den Roinn
* go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
* go bhfuil treoirlínte rialaithe iomchuí ann d'infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla do bhainistiú tionscadal.

Iniúchóireacht Inmheánach
Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn in éineacht le pearsanra atá oilte go hiomchuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá formheasta agam. Bíonn a cuid oibre coinnithe ar an eolas trí anailísiú ar na priacail airgeadais a mbío nn an Roinn nochta dóibh agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn formheasta agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sí mar aidhm leis na pleananna seo an príomhrialú a chuimsiú ar bhunús rollach, i rith tréimhse réasúnta. Bíonn an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí á hathbhreithniú go tréimhsiúil agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar athleanúint ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

RÁITEAS AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

1. Ginearálta

Bhí an Ciste Árachais Shóisialaigh bunaithe leis an Acht Leasa Shóisialaigh, 1952 (mar a bhí leasaithe).

Tá rátaí na sochar árachais shóisialaigh, teidlíochtaí íocaíochtaí iomarcaíochta agus sochair dhíobhálacha ceirde bunaithe trí reachtaíocht.

Tá na cuntais tar éis a bheith ullmhaithe de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil.

2. Polasaí Maoinithe

Tagann ioncam an Chiste go príomha ó na ranníocaíochtaí d'Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) a bhíonn bailithe ag na Coimisinéirí Ioncaim ó fhostóirí, ó fhostaithe agus ó dhaoine féinfhostaithe.

Bíonn an Ciste Árachais Shóisialaigh á fheidhmiú de réir théarmaí an Achta Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005. De réir Alt 9 den Acht seo, cuimsíonn an Ciste cuntas reatha agus cuntas infheistíochta. Íoctar na méideanna atá iníoctha as an gCiste, as an gcuntas reatha. Aistrítear airgead nach bhfuil gá leis chun caiteachas reatha an Chiste a chomhlíonadh, aistrítear go dtí an cuntas infheistíochta é. Comhlíontar aon easnamh ar an gcuntas reatha maidir le dliteanais, ón gcuntas infheistíochta ar an gcéad dul síos, agus ó airgead a chuireann An tOireachtas ar fáil ina dhiaidh sin.

3. Fáltais a Aithint

Is ionann figiúirí na bhfáltas ranníocaíochta agus tobhaigh a tuairiscíodh agus an méid ÁSPC a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim i rith na bliana. Cuirtear fáltais eile san áireamh ar bhonn fáltais airgid thirim.

4. Íocaíochtaí a Aithint

Aithnítear íocaíochtaí ar bhonn:
- seiceanna agus pá-orduithe a bhíonn eisithe i rith bliana,
- pá-orduithe sainithe don duine, dréachtaí poist agus dearbháin a ndéantar airgead díobh ag Oifigí an Phoist, agus
- airgead eisithe trí aistriú leictreonach airgid.

5. Áitribh agus Dímheas

Bíonn áitribh á dtaispeáint ar chostas stairiúil. Ní dhearnadh soláthar ar bith le haghaidh dímheasa.

6. Infheistíochtaí

Bainistíonn an tAire Airgeadais Cuntas Infheistíochta an Chiste. Tá torthaí na gníomhaíochta infheistíochta ar taispeáint sa Chuntas Infheistíochta atá in éineacht leis an gCuntas seo.

CUNTAS FÁLTAS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

	Nótaí		**2008**		2007
		€000	€000	€000	€000
Fáltais					
Ranníocaíochtaí ÁSPC					
Árachas Sóisialach	1	7,984,182		7,722,010	
Ranníocaíocht Sláinte	2	1,156,567		1,107,461	
Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna		413,303	9,554,052	405,427	9,234,898
Fáltais ó Infheistíochtaí			160,209		112,049
Fáltais Eile	3		19		88
			9,714,280		9,347,035
Íocaíochtaí					
Árachas Sóisialach					
Pinsean Stáit (Ranníocach)		3,117,855		2,754,749	
Pinsean Stáit (Eatramhach)		92,089		79,070	
Pinsean (Ranníocach)					
Baintrí/Baintreach Fir		1,299,039		1,204,979	
Sochar Banchéile Thréigthe		104,618		100,710	
Sochar Máithreachais		315,878		257,896	
Sochar Sláinte & Sábháilteachta		576		503	
Sochar Uchtaíoch		1,644		1,333	
Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)		14,373		9,560	
Sochar Breoiteachta		852,305		755,077	
Pinsean Easláine		685,717		618,133	
Sochar Cúramóra		33,666		26,900	
Sochair Dhíobhálacha Ceirde	4	112,011		104,349	
Deontas Méala		17,851		16,673	
Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í		5,543		3,862	
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta		928,844		544,931	
Sochar Cóireála	5	97,124		91,602	
Saor-Scéimeanna	6	260,562		249,774	
Iomarcaíocht & Dócmhainneacht	7&8	202,264		188,178	
		8,141,959		7,008,279	
Speansais Riaracháin	9	257,780	8,399,739	242,711	7,250,990
Ranníocaíocht Sláinte			1,159,000		1,113,000
Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna			413,000		408,000
			9,971,739		8,771,990
Farasbarr d'Íocaíochtaí thar na Fáltais			(257,459)		575,045
Laghdú ar iarmhéideanna de bharr comhlachtaí	12		2,130		8,112
(Easnamh)/barrachas na bliana			**(255,329)**		583,157

Tá Nótaí 1 – 16 mar chuid de na Cuntais seo.

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR 31 NOLLAIG 2008

	Nótaí		**2008**		2007
		€000	€000	€000	€000
Sócmhainní Seasta					
Áitribh	13		1,477		1,477
Sócmhainní Airgeadais					
Cuntas Infheistíochta			3,320,028		3,642,195
Sócmhainní Reatha					
Iarmhéideanna bainc		55,495		—	
Iarmhéideanna á gcoinneáil ag gníomhairí	14	103,089		8,941	
Ranníocaíochtaí Infhaighte	15	7,065		9,150	
		165,649		18,091	
Dliteanais Reatha					
Dlite do bhainc		—		12,013	
Iarmhéideanna dlite do ghníomhairí	14	105,646		10,922	
Iarmhéideanna dlite do chomhlachtaí eile	12	1,078		3,208	
Ilchreidiúnaithe		3,461		3,322	
		110,185	55,464	29,465	(11,374)
Glansócmhainní			**3,376,969**		3,632,298
Léirithe ag					
Cúlchistí ar 1 Eanáir			3,632,298		3,049,141
(Easnamh)/barrachas na bliana			(255,329)		583,157
Cúlchistí ar 31 Nollaig			**3,376,969**		3,632,298

Tá Nótaí 1 – 16 mar chuid de na Cuntais seo.

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA CUNTAIS

1. Ranníocaíochtaí ÁSPC

Déantar ranníocaíochtaí ÁSPC a chionroinnt idir Árachas Sóisialach, an Ranníocaíocht Sláinte agus Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna.

Ní féidir miondealú cruinn a sholáthar ar ranníocaíochtaí ÁSPC, go dtí go mbeidh anailís iomlán déanta ar shonraí na bliana. Ní bheidh na sonraí ar fad a bhaineann le 2008 ar fáil i gcomhair anailíse go dtí lár 2010.

Tá na ranníocaíochtaí cionroinnte ar bhonn an eolais is déanaí atá ar fáil agus tá siad sealadach.

Tá an miondealú seo a leanas ar ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh idir Fhostóirí, Fhostaithe agus Dhaoine Féinfhostaithe, tá sé sealadach chomh maith.

	2008	2007
	€000	€000
Ranníocaíochtaí Fostóirí	5,944,892	5,762,011
Ranníocaíochtaí Fostaithe	1,633,708	1,539,147
Ranníocaíochtaí Daoine Féinfhostaithe	405,582	420,852
	7,984,182	7,722,010

2. Ranníocaíocht Sláinte

Ní chuimsíonn na suimeanna atá léirithe maidir leis an Ranníocaíocht Sláinte, na suimeanna a bailíodh faoi Cháin Ioncaim Sceideal D (féinfhostaithe), ós rud é go dtugann na Coimisinéirí Ioncaim iad seo go díreach d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

3. Fáltais Eile

	2008	2007
	€000	€000
Cíos	19	19
Fáltais ón RA maidir le Socrú Cómhalartach	-	69
	19	88

4. Sochair Dhíobhálacha Ceirde

	2008	**2007**
	€000	€000
Sochar Díobhála	19,250	17,194
Sochar Míthreorach	84,443	79,283
Sochar Báis	8,036	7,574
Cúram Leighis	282	298
	112,011	**104,349**

5. Sochar Cóireála

	2008	2007
	€000	€000
Sochar Déadach	69,419	64,846
Sochar Optúil	21,703	21,050
Sochair um Fhearais Leighis & Máinliachta	6,002	5,706
	97,124	91,602

6. Saor-Scéimeanna

	2008	2007
	€000	€000
Liúntas Breosla	54,229	55,517
Liúntas Toitcheo	5,982	5,884
Leictreachas Saor in Aisce	92,772	87,912
Gás Buidéalaithe Saor in Aisce	15	16
Gás Nádúrtha Saor in Aisce	11,433	11,499
Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce	33,976	31,458
Cíos Gutháin Saor in Aisce	62,155	57,488
	260,562	249,774

7. Scéimeanna Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta Fostóirí

Bíonn na Scéimeanna Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta Fostóirí á riar ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá na figiúirí atá léirithe le haghaidh na scéimeanna seo tógtha ó chuntas bliantúil a chuireann Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar fáil.

		2008		2007
	€000	€000	€000	€000
Iomarcaíocht - Íocaíochtaí	193,711		183,328	
- Aisghabháil	(949)	192,762	(658)	182,670
Dócmhainneacht - Íocaíochtaí	10,059		5,710	
- Aisghabháil	(934)	9,125	(924)	4,786
Speansais an Bhinse Achomhairc Fostaíochta	383		725	
Nithe Ilghnéitheacha	(6)	377	(3)	722
		202,264		188,178

8. Iomarcaíocht/Dócmhainneacht – Suimeanna In-aisghabhála ó Fhostóirí

Is féidir le fostóirí lacáiste i bpáirt a fháil ón gCiste den mhéid a íocann siad i gcnapshuimeanna iomarcaíochta reachtúla.

Má theipeann ar fhostóirí na híocaíochtaí cnapshuime iomarcaíochta reachtúla a dhéanamh, d'fhéadfaí an teidlíocht reachtúil iomlán a íoc le fostaithe as an gCiste. Chomh maith leis sin, i gcásanna go n-éiríonn na fostóirí dócmhainneach, is féidir le teidlíochtaí reachtúla áirithe eile atá dlite (riaráistí tuarastail, pá saoire srl.) a bheith íoctha as an gCiste. Tá na suimeanna a íoctar i gcásanna mar seo in-aisghabhála ó fhostóirí. Déantar an aisghabháil a fhritháireamh in aghaidh íocaíochtaí na scéime.

Bhí an staid charnach maidir le suimeanna in-aisghabhála ó fhostóirí, mar seo a leanas:

			2008	2007
	€000	€000	€000	€000
	Iomarcaíocht	cmhainneacht	Iomlán	Iomlán
Iarmhéid ar 1 Eanáir	37,681	51,672	89,353	78,009
Íocaíochtaí de thairbhe loiceadh fostóirí	14,063	10,059	24,122	12,926
Lúide: Suimeanna aisghafa	(949)	(934)	(1,883)	(1,582)
Lúide: Suimeanna Díscríofa -	(2,301)	(6,185)	(8,486)	—
Iarmhéid ar 31 Nollaig	48,494	54,612	**103,106**	89,353

Tugann an taithí aisghabhála le blianta beaga anuas le tuiscint nach féidir cuid shuntasach de na dliteanais charnacha ag fostóirí mainneachtana a aisghabháil.

9. Speansais Riaracháin

	2008	2007
	€000	€000
Costais foirne		
- Tuarastail	98,274	93,694
- Aoisliúntas	24,000	21,000
- Taisteal	2,034	2,011
Costais Gníomhaireachta		
- Bailiú ranníocaíochtaí	36,670	35,330
- Íocaíochtaí le An Post	21,856	24,662
- Íocaíochtaí leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir leis na Scéimeanna Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta Fostóirí	1,520	1,550
Postas agus Teileachumarsáid	8,613	7,893
Lóistín/Trealamh/Soláthairtí	33,427	30,301
Táillí Iniúchóireachta	115	105
Costais eile	31,271	26,165
	257,780	242,711

10. Ró-íocaíochtaí

Cuimsítear suimeanna a measadh go raibh ró-íocaíocht déanta ina leith, sna muirir ar scéimeanna agus cuirtear aisghabháil a fhaightear chun sochair na scéimeanna. Bhí an staid charnach ó thaobh ró-íocaíochtaí an Chiste, mar seo a leanas:

		2008		2007
	€000	€000	€000	€000
Ró-íocaíochtaí gan aisíoc ar 1 Eanáir		57,187		30,504
Aistriú na méideanna a bhí díscríofa roimhe seo		-		17,837
Mionathrú le haghaidh blianta roimhe seo[1]		460		—
Ró-íocaíochtaí taifeadta sa bhliain		18,114		17,488
		75,761		65,829
Lúide:				
Suimeanna aisghafa sa bhliain	8,628		7,047	
Suimeanna díscríofa sa bhliain	1,746	10,374	1,595	8,642
Ró-íocaíochtaí gan aisíoc ar 31 Nollaig		**65,387**		57,187

[1] Rinneadh mionathrú ar roinnt ró-íocaíochtaí a taifeadadh i rith 2007 ina dhiaidh sin, rud a chiallaigh go raibh glanmhéadú €459,823 ar an méid taifeadta dlite

11. Íocaíochtaí Ex-Gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia €20,797 le linn 2008 (2007 - €97,670)

12. Iarmhéideanna dlite do Chomhlachtaí Eile

Seasann iarmhéideanna atá dlite do chomhlachtaí eile, le haghaidh easnamh na méideanna íoctha le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir leis an Ranníocaíocht Sláinte, agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna.

Bhí staid na n-iarmhéideanna mar seo a leanas:

	Ranníocaíocht Sláinte		Oiliúint Náisiúnta Tobhach Ciste		Iomlán	Iomlán
		2008		**2008**	**2008**	2007
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Iarmhéid ar 1 Eanáir		2,765		443	3,208		11,320
Cionroinnte le linn na bliana	1,156,567		413,303			1,512,888	
Íoctha sa bhliain	1,159,000	(2,433)	413,000	303	(2,130)	1,521,000	(8112)
Iarmhéid ar 31 Nollaig		**332**		**746**	**1,078**		3,208

13. Áitribh

Tá úinéireacht Áras Mhic Dhiarmada, Sráid an Stórais, Baile Átha Cliath 1 (ceanncheathrú na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh), faoi chúram an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, thar ceann an Chiste. Cuimsíonn an t-áitreabh seo Busáras. Faigheann an Ciste cíos bliantúil seasta ó C.I.E. maidir le Busáras.

14. Iarmhéideanna na nGníomhairí

Cuimsíonn iarmhéideanna na nGníomhairí an t-easnamh nó an chuid neamhchaite den airgead a bhí curtha ar aghaidh ón gCiste chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Vóta 38), An Post agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF), ionas go mbeidís in ann íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann an Chiste.

Sócmhainní Reatha - Iarmhéideanna á gcoinneáil ag gníomhairí	**2008**	2007
	€000	€000
An Post(i)	103,089	5,224
RFTF	—	3,717
	103,089	8,941

Dliteanais Reatha - Iarmhéideanna dlite do ghníomhairí	**2008**	2007
	€000	€000
VÓTA 38 (ii)	93,878	10,922
RFTF(iii)	11,768	—
	105,646	10,922

Tabhair faoi deara:

(i) Bíonn na cuntais ag An Post réamh-mhaoinithe chun dliteanais chaiteachais na Roinne a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite. Bhí an chéad dliteanas íocaíochta le haghaidh 2009 dlite ar 2 Eanáir 2009 agus bhí an maoiniú seo ag teastáil dá bharr faoi 31 Nollaig 2008.

(ii) Is ionann an t-iarmhéid agus an méid a bhí dlite do Vóta 38 maidir le caiteachas a rinne sé agus atá in-aisghabhála ón CÁS. Bhí an t-iarmhéid méadaithe ann mar gheall ar athrú ar an modh íocaíochta trínar cuireadh caiteachas breise tríd an gCuntas Fionraí Vóta/CÁS i rith 2008.

(iii) Déantar íocaíochtaí ón CÁS leis an RFTF maidir le hIomarcaíocht agus Dócmhainneacht ar bhonn iarratais íocaíochta mhíosúla. Níor iarr an RFTF go leor méideanna a bhí dlite dóibh i rith 2008, rud a chiallaigh go raibh iarmhéid dlite €11.7 milliún ann ar 31 Nollaig 2008.

15. Ranníocaíochtaí Infhaighte

Baineann ranníocaíochtaí infhaighte go príomha leis na méideanna de ranníocaíochtaí ÁSPC a bhí bailithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, ach nár aistríodh go dtí an Ciste i rith 2008.

16. Cuntas Infheistíochta 2009

Feidhmíonn an Ciste Árachais Shóisialaigh faoi théarmaí an Achta (Comhdhlúthú) Leasa Shóisialaigh, 2005. Airgead nach bhfuil ag teastáil chun caiteachas reatha an Chiste a íoc agus a aistrítear chuig Cuntas Infheistíochta. Ba é an t-iarmhéid a bhí ar an gcuntas seo ag deireadh 2008 agus atá ar taispeáint i gclár comhardaithe an Chiste ná €3.32 billiún. Mar thoradh ar an bhfarasbarr leanúnach ar luach na n-íocaíochtaí Ciste i gcomparáid le fáltais an Chiste, laghdaíodh an t-iarmhéid go €1.48 billiún amhail ar 31 Deireadh Fómhair 2009.

Síniú

Bernadette Lacey
Ard-Rúnaí
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Nollaig 2009

CUNTAS INFHEISTÍOCHTA AN CHISTE ÁRACHAIS SHÓISIALAIGH 2008

2007			2008
€			€
3,076,529,194	Iarmhéid ar 1 Eanáir		**3,642,195,421**
9,218,616,893	Aistrithe ó na Coimisinéirí Ioncaim		**9,542,633, 383**
112,049,334	Toradh ar Infheistíochtaí	(Nóta 2)	**160,209,357**
12,407,195,421			**13,345,038,161**
	Bain:-		
8,765,000,000	Íoctha leis an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh		**10,025,000,000**
0	Táille Iniúchóireachta C&AG		**9,755**
3,642,195,421	Iarmhéid ar 31 Nollaig	(Nóta 5)	**3,320,028,406**

Síniú

David Doyle
Ard-Rúnaí
An Roinn Airgeadais
20 Samhain 2009

Polasaí Cuntasaíochta

Seo cuntas fáltas agus íocaíochtaí agus bíonn infheistíochtaí á lua ar a gcostas dá réir.

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS AN GCUNTAS

1 Léiríonn an Cuntas na hidirbhearta a bhaineann le hinfheistíocht bharrachas airgid an Chiste Árachais Shóisialaigh, rud atá á bhainistiú agus á rialú ag an Aire Airgeadais de réir Alt 9 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005. Tá freagracht tarmligthe ag an Aire chun Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta maidir le hinfheistiú airgid atá chun sochair an Chuntais Infheistíochta, gan airgead atá i dtaisce sa Bhanc Ceannais san áireamh, de réir Alt 28 d'Acht Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 2000. Cuireadh treoirlínte infheistíochta ón Aire ar fáil de réir an Ailt seo.

2 Déantar anailís ar an toradh ar infheistíochtaí mar seo a leanas:

	2008	**2007**
	€	€
Ús (Nóta 3(a))	111,913,291	77,654,994
Díbhinní bannaí	61,605,237	54,846,570
Díbhinní bannaí a fabhraíodh ar cheannach (Nóta 3 (b))	(13,195,149)	(13,938,130)
Glanchaillteanais réadaithe ar dhíol bannaí	(114,022)	(6,514,100)
Toradh Iomlán ar Infheistíocht	**160,209,357**	**112,049,334**

3 (a) Is ionann an méid úis atá ar taispeáint agus an fíormhéid a fuarthas i rith na bliana. Fuarthas ús agus díbhinní €44,340,428 a fabhraíodh ag deireadh 2008, i rith 2009.

(b) Is ionann díbhinní bannaí a fabhraíodh ar cheannach agus íocaíocht a rinneadh ón gCuntas i rith 2008, a bhí níos mó ná luach caipitil na mbannaí a ceannaíodh chun ús a bhí tuillte cheana a chúiteamh leis an díoltóir. Fuair an Ciste an méid seo i rith 2009.

4 Fágadh gnóthachain neamhréadaithe €38,972,280 as an gCuntas, arbh ionann iad agus an difríocht idir an praghas ceannaigh agus an luach margaidh ar bhannaí a bhí á gcoinneáil ar 31 Nollaig 2008.

5 Cuimsíonn an t-iarmhéid ar 31 Nollaig 2008 €488,115,127 atá i dtaisce sa Bhanc Ceannais agus €2,831,913, 279 d'infheistíochtaí atá á mbainistiú ar son an Aire ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.